


**babhla**



**crúiscín**



**friochtán**

## An Fiosraitheoir

### Tasc 1:

Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach do lámha a ní sula dtosaíonn tú ag cócaireacht, dar leat?

### Tasc 2:

Tá babhla, crúiscín agus friochtán luaite ar an gcárta seo. Ainmnigh 5 rud eile a fheiceann tú sa chistin.

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

**5 Pancóga**

Foilseachán de chuid CCEA © 2015

CCEA Rewarding Learning

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Taisce Tuisceana



# Pancóga

# Pancóga

Is breá le daoine pancóga a ithe. Tá siad milis agus blasta. Is maith le daoine iad a ithe le him agus subh. Tá sé éasca go leor pancóga a dhéanamh agus ní thógann sé mórán ama.

Ar dtús, beidh na comhábhair agus an trealamh seo ag teastáil uait.

| | | | |
|---|---|---|---|
| *Comhábhair:* | 400g de phlúr | *Trealamh:* | **babhla** |
| | 1 x ubh | | **crúiscín** |
| | 300ml bainne | | **friochtán** |
| | im | | pláta |
| | siúcra | | |

1. Nigh do lámha ar dtús.
2. Cuir an plúr go léir isteach sa bhabhla.
3. Bris an ubh agus cuir isteach sa bhabhla í.
4. Cuir cuid den bhainne isteach sa bhabhla.
5. Measc gach rud le chéile.
6. Cuir an chuid eile den bhainne isteach ann anois.
7. Measc gach rud le chéile go dtí go bhfuil an meascán cosúil le huisce tiubh.
8. Cuir an meascán isteach i gcrúiscín.
9. Cuir blúire ime isteach sa fhriochtán. Bí cúramach mar beidh an friochtán te.
10. Cuir cuid den mheascán isteach sa fhriochtán ansin.
11. Nuair a thagann dath donn ar an bpancóg caith suas san aer í. (Bí cúramach nach dtiteann sí ar an urlár!)
12. Nuair atá an dá thaobh donn, cuir an bpancóg ar do phláta – tá sí réidh le hithe anois!

# Ceisteanna

**1. Cad a chuireann daoine ar phancóga de ghnáth?**
(a) Plúr agus im
(b) Im agus subh
(c) Subh agus uibheacha

**2. Cé acu atá fíor?**
(a) Níl sé deacair pancóga a dhéanamh
(b) Tá sé deacair pancóga a dhéanamh
(c) Tógann sé tamall fada le pancóga a dhéanamh

**3. Cad é an dara rud a chuireann tú isteach sa bhabhla?**
(a) An plúr
(b) An bainne
(c) An ubh

**4. Tá an focal ‘measc’ in úsáid mar:**
(a) aidiacht.
(b) ainmfhocal.
(c) briathar.

**5. Cén fáth a gcaithfidh tú bheith cúramach leis an bhfriochtán?**
(a) Beidh sé trom
(b) Beidh sé fuar
(c) Beidh sé te

**6. Conas atá a fhios agat go bhfuil an phancóg réidh?**
(a) Tá an meascán sa bhabhla tiubh
(b) Tá dath donn ar an dá thaobh
(c) Tá an phancóg te

